Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5697/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0008(NLE)**

**FISC 9**
**ECOFIN 74**
**ENER 28**
**TRANS 25**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 18 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafort |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 18 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 18 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.1.2024
COM(2024) 18 final

2024/0008 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear don tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafort**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1] (an 'Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh' nó an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 di go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.

De bhua Chinneadh Cur Chun Feidhme 2020/1674/AE ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2020[2] (ar Cinneadh é a raibh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/725/AE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2014[3] agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/384/AE ón gComhairle an 20 Meitheamh 2011[4] ann roimpi), údaraíodh an tSualainn cheana ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas arna sholáthar go díreach do shoithí, seachas árthaí príobháideacha pléisiúir[5], atá i mbeart i gcalafoirt ('leictreachas cois cladaigh').

Is é cuspóir an togra seo síneadh a chur leis an údarú sin mar a d'iarr an tSualainn, ós rud é go rachaidh an maolú atá i bhfeidhm faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2023.

Le litir dar dáta an 5 Aibreán 2023, chuir údaráis na Sualainne an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu síneadh a chur leis an mbeart atá ann faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2027. Chuir údaráis na Sualainne faisnéis bhreise ar fáil le litir dar dáta an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Tá sé ar intinn ag an tSualainn ráta laghdaithe cánach leictreachais SEK 6 (app. EUR 0,552) ([6]) in aghaidh gach MWh a chur i bhfeidhm ar leictreachas cois cladaigh. Tráth a cuireadh an iarraidh sin isteach bhí an ráta cánach sin i gcomhréir leis an íosráta cánachais ar leictreachas le haghaidh úsáide gnó mar a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE (i.e. EUR 0,5 in aghaidh gach MWh).

Le hAirteagal 13 den Treoir leagtar síos teorainn lamháltais le haghaidh Ballstáit nár ghlac an euro. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit seiceáil a dhéanamh uair sa bhliain má tá na rátaí cánach arna sloinneadh in airgeadraí náisiúnta i gcomhréir le híosrátaí na Treorach. Déantar an cleachtadh sin ag úsáid na rátaí malairte a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Féadfaidh na Ballstáit na méideanna cánachais atá i bhfeidhm tráth an choigeartaithe bhliantúil a choinneáil i bhfeidhm ach amháin dá mba rud é go dtiocfadh méadú níos lú ná 5 % nó EUR 5, cé acu is ísle, ar an leibhéal cánachais arna shloinneadh san airgeadra náisiúnta de bharr chomhshó na méideanna den leibhéal cánachais arna shloinneadh in euro.

---

1 IO L 283, 31.10.2003, lgh. 51–70.
2 IO L 378, 12.11.2020, lgh. 3–4.
3 IO L 301, 21.10.2014, lgh. 27–28.
4 IO L 170, 30.6.2011, lgh. 36–37.
5 Sainmhínítear an téarma 'árthach príobháideach pléisiúir' in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír de Threoir 2003/96/CE.
6 Tá na ríomhanna go léir bunaithe ar ráta malartaithe an 3 Deireadh Fómhair 2022, i.e. SEK 10,8743 le haghaidh EUR 1. Cf. IO C 381/4 an 4.10.2022

Tá tréimhse bhailíochta an mhaolaithe a iarradh ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar tréimhse í atá leanúnach leis an maolú atá ann faoi láthair agus atá laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Is é is aidhm don bheart cánachais soithí a úsáideann mótar cúnta ola-ghluaiste dá soláthar leictreachais de ghnáth a spreagadh chun leictreachas cois cladaigh a úsáid ina ionad sin. Mar thoradh ar na forálacha sin tá níos lú astaíochtaí ó shoithí atá i mbeart, rud a laghdaíonn dá bhrí sin sil-leagan substaintí aigéadaithe, ar fadhb í go háirithe in iardheisceart na Sualainne. Meastar go mbíonn feabhsuithe suntasacha comhshaoil áitiúla ann mar thoradh ar na forálacha freisin, *inter alia* i bhfoirm laghdaithe ar leibhéil torainn.

Baineann an beart cánachais leis an gcáin fuinnimh is infheidhme maidir le leictreachas cois cladaigh a laghdú ón leibhéal is infheidhme SEK 39,2 in aghaidh gach MWh go SEK 6 in aghaidh gach MWh.

De réir Airteagal 14(1)(c) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, maidir le táirgí fuinnimh a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh –agus an leictreachas a tháirgtear ar bord long atá i mbeart i gcalafoirt, ní mór do na Ballstáit na táirgí sin a dhíolmhú. Féadfaidh siad déanamh amhlaidh i gcás leictreachais a tháirgtear ar bord long le haghaidh loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre de réir Airteagal 15(1)(f) den Treoir. Dheimhnigh an tSualainn trasuí na díolúine roghnaí maidir le leictreachas a tháirgtear ar bord long le haghaidh loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre.

Cuirfidh an tSualainn ráta laghdaithe an chánachais leictreachais i bhfeidhm ar sholáthairtí uile leictreachais cois cladaigh a bhfuil ar a laghad 380 V acu maidir le soithí a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht tráchtála ag a bhfuil olltonnáiste 400 ar a laghad. Measann údaráis na Sualainne go bhfuil an teorann iomchuí chun a áirithiú go gcumhdófar leis an laghdú atá beartaithe tromlach glan na soithí a úsáidtear i dtrácht idirnáisiúnta agus na soithí níos mó a úsáidtear i dtrácht náisiúnta. Is iad sin na soithí a mheastar a bheith freagrach as an gcuid is mó de na hastaíochtaí arb é feidhmiú mótair chúnta ar bord agus na soithí i mbeart i gcalafoirt is cúis leo. Níl feidhm ag an laghdú nuair a úsáidtear an long chun críoch príobháideach nó nuair atá sí tarraingthe suas nó tógtha as seirbhís ar bhonn fadtéarmach.

Níl aon oibleagáid ar shoithí, áfach, leictreachas cois cladaigh a úsáid.

Meastar gur SEK 12 mhilliún an caiteachas bliantúil buiséadach.

Deonaítear an beart i bhfoirm aisíocaíochta lena laghdaítear an t-ualach cánach ar an leictreachas lena mbaineann.

Measann údaráis na Sualainne, maidir leis an laghdú cánach a chuirtear i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh, nach gcruthaítear tairbhe shuntasach iomaíoch d’oibreoirí soithigh a úsáideann leictreachas cois cladaigh i gcomparáid leo siúd a úsáideann giniúint ar bord. Mura gcuirtear ach costas an leictreachais féin agus an cháin san áireamh, bíonn costas leictreachais cois cladaigh lena mbaineann ráta cánach níos ísle beagán níos ísle ná praghas an leictreachais a tháirgtear ar bord. Le costais bhreise i bhfoirm muirir eangaí, infheistíochtaí sa cheangal ar bord agus go díreach nó go hindíreach, na costais le haghaidh infheistíochtaí i saoráidí soláthair an chalafoirt, áfach, déantar difear freisin do chostas iomlán úsáid an leictreachais cois cladaigh. Ós rud é go bhfuil na hinfheistíochtaí sna saoráidí soláthair sna calafoirt agus ar bord an-chostasach, áfach, measann údaráis na Sualainne gur réamhriachtanas é ráta cánach níos ísle le haghaidh calafoirt agus longúinéirí a dhéanann na hinfheistíochtaí sin. De réir údaráis na Sualainne, bhí tionchar díreach ag na maolaithe atá ann faoi láthair agus a bhí ann roimhe seo ar líon na gcalafort agus líon na saoráidí araon a chuireann leictreachas cois cladaigh ar fáil trí dhifear dearfach a dhéanamh do bhrabúsacht an aistrithe ó bhreoslaí iontaise go leictreachas.

Is é is aidhm don bheart tionchar comhshaoil muiriompair a laghdú. Laghdófar leis an mbeart astaíochtaí aeir agus torann ó shoithí atá i mbeart. Cuirfear an beart, ar bhealach éigin, i dtreo ghnóthú na dteorainnluachanna do dhé-ocsaíd nítrigine a éascú i gcathracha calafoirt a leagtar amach sa Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir (Treoir 2008/50/CE). Tá tionchar dearfach aige seo freisin ar pharaiméadair eile cáilíochta aeir timpeall na gcalafort.

D'iarr an tSualainn go ndeonófaí an t-údarú go dtí an 31 Nollaig 2027, ag tosú ón 1 Eanáir 2024, gan bhriseadh leis an maolú atá ann faoi láthair agus laistigh den uastréimhse a shonraítear in Airteagal 19(2) den Treoir.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is le Treoir 2003/96/CE, go háirithe Airteagal 10, a rialaítear cánachas leictreachais. Foráiltear in Airteagal 14(1)(c) maidir le díolúine éigeantach ó cháin i gcomhair táirgí fuinnimh le haghaidh loingseoireachta chomh maith leis an leictreachas a tháirgtear ar bord árthaigh. Foráiltear in Airteagail 5, 15 agus 17 maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit difreálacha cánach a chur i bhfeidhm lena n-áirítear díolúintí agus laghduithe, ar úsáidí áirithe leictreachais. Mar sin féin, ní dhéantar foráil leis na forálacha sin maidir le cánachas laghdaithe leictreachais cois cladaigh.

*Forálacha faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

*Measúnú ar an mbeart faoi Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE*

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, den Treoir mar a leanas:

*Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.*

Mhol an Coimisiún cheana úsáid an leictreachais cois cladaigh mar rogha malartach ar ghiniúint leictreachais ar bord na soithí atá i mbeart agus d'aithin an Coimisiún dá bhrí sin buntáistí comhshaoil a úsáide[7].

An fhéidearthacht cóireáil chánach atá fabhrach do leictreachas cois cladaigh a thabhairt isteach, is féidir í a shamhlú faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúine nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

D'iarr an tSualainn go gcuirfí an beart i bhfeidhm ar feadh 4 bliana, tréimhse atá níos lú ná an uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2), i.e. 6 bliana. I bprionsabal, ba cheart tréimhse feidhme an mhaolaithe a bheith sách fada ionas nach ndíspreagtar oibritheoirí calafoirt agus soláthróirí leictreachais leanúint d'infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh i saoráidí leictreachais cois cladaigh nó tús a chur leo. Tabharfar leis an tréimhse sin deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí loinge freisin, a bhfuil orthu a n-infheistíochtaí i dtrealamh infheithicle a phleanáil.

Mar sin féin, níor cheart dochar a dhéanamh leis an maolú d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus ba cheart an t-athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a chur san áireamh agus glacadh féideartha gnímh dlí ag an

---

[7] Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le cur chun cinn leictreachais cois cladaigh lena úsáid ag soithí atá i mbeart ag calafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006).

gComhairle bunaithe ar an togra ón gCoimisiún chun an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a athmhúnlú[8].

Faoi na himthosca sin, fad agus gur dealraitheach é a bheith iomchuí an t-údarú a dheonú le haghaidh na tréimhse a iarradh, ba cheart bailíocht an mhaolaithe a chur faoi réir theacht i bhfeidhm na bhforálacha ginearálta ar an ábhar, ag pointe ama is túisce ná deireadh 2027.

*Rialacha maidir leis an státchabhair*

An ráta laghdaithe cánach SEK 6 (app. EUR 0,552) ([9]) in aghaidh gach MWh a bheartaigh údaráis na Sualainne, bhí an ráta cánach sin i gcomhréir leis an íosráta cánachais le haghaidh leictreachais i gcomhair úsáidí gnó ag an tráth sin mar a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE.

Aithníonn údaráis na Sualainne gur státchabhair atá sa bheart agus áitíonn siad go gcomhlíonann an beart na coinníollacha ábhartha i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023, lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach ag luí leis an margadh inmheánach i gcomhréir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh (an 'Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine').

Leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ní dhéantar réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit comhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

*Beartas comhshaoil agus beartas don athrú aeráide*

Baineann an beart a iarraidh go príomha le beartas comhshaoil an Aontais. Sa mhéid go mbeidh an beart ina chabhair le dó breoslaí umair a laghdú ar bord na soithí sin i gcalafoirt, rannchuideoidh an beart le cuspóir cáilíocht aeir áitiúil a fheabhsú, rud a laghdóidh torann agus a théann i ngleic le hathrú aeráide. Le Treoir 2008/50/CE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[10] ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcoinnítear leibhéil roinnt truailleáin aeir faoi bhun na dteorainnluachanna, na spriocluachanna agus na gcaighdeán eile cáilíochta aeir a bhunaítear sa Treoir. Leis an oibleagáid sin ceanglaítear ar na Ballstáit teacht ar réitigh ar fhadhbanna amhail astaíochtaí long atá i mbeart i gcalafoirt i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha agus d'fhéadfaí a shamhlú go molfar úsáid leictreachais cois cladaigh mar ghné amháin i straitéis iomlán cháilíocht an aeir i gcalafoirt ina bhfuil na fadhbanna sin. Spreagtar úsáid leictreachais cois cladaigh freisin faoi Threoir (AE) 2016/802[11] lena rialaítear an cion sulfair i mbreoslaí muirí.

De réir údaráis na Sualainne, mar thoradh ar úsáid leictreachais cois cladaigh, tháinig laghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair, ocsaíd nítreach, ábhair cháithníneach agus ocsaídí carbóin. Níl tuilleadh meastachán is déanaí ag údaráis na Sualainne faoi láthair ar na laghduithe astaíochtaí atá luaite leis an mbeart sin. Níor baineadh amach acmhainneacht iomlán an bhirt ós rud é go bhfuil gá le trealamh costasach ar chéanna agus ar na longa araon. Tá úsáid leictreachais cois cladaigh

[8] COM/2021/563 final: Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)

[9] Tá na ríomhanna go léir bunaithe ar ráta malartaithe an 3 Deireadh Fómhair 2022, i.e. SEK 10,8743 le haghaidh EUR 1. Cf. IO C 381/4 an 4.10.2022

[10] Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

[11] Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lgh. 58-78).

tábhachtach d'iarracht na Sualainne na caighdeáin cáilíochta aeir a chomhlíonadh i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.

*Beartas fuinnimh*

Tá an beart i gcomhréir le Treoir 2014/94/AE maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla[12], lena dtugtar aghaidh ar shaincheist saoráidí soláthair leictreachas cois cladaigh a shuiteáil i gcalafoirt ina bhfuil éileamh ar shaoráidí den sórt sin agus mura bhfuil na costais a bhaineann le himscaradh an bhonneagair díréireach leis na tairbhí, lena n-áirítear na tairbhí comhshaoil.

Ní mór a mheabhrú ag an bpointe seo gur cúis thábhachtach le leictreachas cois cladaigh a bheith faoi mhíbhuntáiste iomaíochta is ea an rogha mhalartach, i.e. leictreachas a tháirgtear ar bord na soithí agus iad i gcalafoirt mhuirí, go mbaineann an rogha sin tairbhe as díolúine iomlán ó ghlancháin: ní hamháin go ndóitear breosla umair chun an leictreachas atá díolmhaithe ó chánachas a ghiniúint, a chomhfhreagraíonn leis an ngnáthstaid faoi Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2003/96/CE, ach tá an leictreachas féin a tháirgtear ar bord na soithí díolmhaithe freisin (cf. Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2003/96/CE). Cé go bhféadfaí a mheas go mbeadh díolúine an leictreachais a tháirgtear ar bord na soithí deacair a réiteach le spriocanna comhshaoil an Aontais, freagraíonn an díolúine do bhreithnithe praiticiúlachta. Go deimhin, le cánachas an leictreachais a tháirgtear ar bord, bheadh gá le dearbhú ón longúinéir – a bhunaítear go minic i dtríú tír – nó ón oibreoir maidir le méid an leictreachais a ídítear. Ina theannta sin, ní mór go gcinnfear leis an dearbhú sciar an leictreachais a ídítear in uiscí teorann an Bhallstáit ina bhfuil an cháin dlite. Cruthófar leis sin ualach ollmhór riaracháin do longúinéirí dearbhuithe den sórt sin a dhéanamh i gcás gach Ballstát lena mbaineann a n-uiscí teorann.

*Beartas iompair*

Tá an beart i gcomhréir le moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn le haghaidh úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Aontais[13] agus i gcomhréir le Teachtaireacht Spriocanna Straitéiseacha an Choimisiúin agus moltaí maidir le beartas muiriompair an Aontais[14].

*An margadh inmheánach agus iomaíocht chóir*

Ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh agus na hiomaíochta córa de ní laghdaítear leis an mbeart ach an saobhadh cánach atá ann cheana idir dhá fhoinse iomaíocha leictreachais le haghaidh báid atá i mbeart, i.e. giniúint ar bord agus leictreachas cois cladaigh, mar thoradh ar dhíolúine ó cháin le haghaidh breoslaí umair.

Níor thug údaráis na Sualainne athruithe suntasacha faoi deara ar rogha chalafoirt na longúinéirí nasctha le hinfhaighteacht saoráidí leictreachais cois cladaigh. Faoi láthair, baineann báid farantóireachta agus trácht atá ar an mbealach go príomha úsáid as an leictreachas cois cladaigh. Níl rogha chalafort na longúinéirí bunaithe ar má sholáthraítear leictreachas cois cladaigh nó mura

[12] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla (IO L 307, 28.10.2014, lgh. 1–20)

[13] Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le cur chun cinn leictreachais cois cladaigh lena úsáid ag soithí atá i mbeart ag calafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006)

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Cuspóirí straitéiseacha agus moltaí do bheartas muiriompair AE go dtí 2018, COM(2009) 8 final an 21 Eanáir 2009.

sholáthraítear. De réir páirtithe leasmhara, is minic a roghnaíonn longa cúrsála beartanna ina bhfuil leictreachas cois cladaigh ar fáil.

Ina theannta sin, beidh rochtain ar leictreachas cois cladaigh ar fáil do na longa lena mbaineann gan beann ar a mbrataigh gan cóireáil cánach níos tairbhí a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha de thionscnamh na tíre féin ná dá n-iomaitheoirí ó Bhallstáit eile den Aontas.

Maidir le hiomaíocht idir calafoirt, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thrádáil idir na Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh má athraíonn soithí a mbealaigh mar gheall ar an bhféidearthacht chun leictreachas cois cladaigh a ídiú ar ráta laghdaithe cánach, is féidir coinne a bheith leis sin go mbeidh sé diomaibhseach. I gcás nach dócha, mar a luadh thuas, go n-éireoidh úsáid leictreachais cois cladaigh, sa ghearrthéarma ar a laghad, níos eacnamaíche ná giniúint ar bord in ainneoin an laghdaithe cánach, ní dócha go saobhtar leis an laghdú cánach sin le haghaidh leictreachais cois cladaigh iomaíocht idir calafoirt trí shoithí a spreagadh chun a gcúrsa taistil a athrú de réir infhaighteacht na rogha sin.

An tráthchlár dá bhfuil sé beartaithe chun síneadh a chur leis an údarú chun ráta laghdaithe cánach a chur i bhfeidhm, mura mbeidh athruithe suntasacha sa chreat reatha agus sa staid, fágann an tráthchlár sin nach dócha go n-athrófar an anailís a rinneadh sna míreanna roimhe seo roimh dháta éaga an bhirt.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl an réimse cánach indírí a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun Ballstát a údarú díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin a chur in ionad na Comhairle. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig Parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann an laghdú cánach seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaítear leis an mbeart aon mheastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an tSualainn agus baineann sé leis an mBallstát sin agus leis an mBallstát sin amháin. Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaítear leis measúnú tionchair a dhéanamh.

Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an tSualainn, tugtar le fios go mbeidh tionchar teoranta ag an mbeart ar ioncaim chánach. Ar bhealach níos mionsonraithe, meastachán ar chaiteachas cánach ón mbeart, de réir údaráis na Sualainne, tá coinne le caillteanas SEK 12 mhilliún in aghaidh na bliana le haghaidh na mblianta atá le teacht.

Tá an tSualainn ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeart ar a spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus go háirithe an caighdeáin aeir a fheabhsú i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip. Mar thoradh ar úsáid an leictreachais cois cladaigh, tháinig laghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair, ocsaíd nítreach, ábhar cáithníneach agus ocsaídí carbóin. Níor baineadh amach acmhainneacht iomlán an bhirt ós rud é go bhfuil gá le trealamh costasach ar chéanna agus ar na longa araon.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéantar foráil leis an mbeart maidir le simpliú. Is é is toradh ar an iarraidh a rinne an tSualainn agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an mbeart ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirtear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an mbeart seo. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú maidir le laghdú cánach le haghaidh Ballstát aonair ar a iarraidh féin. Soláthraítear é le haghaidh tréimhse theoranta go dtí an 31 Nollaig 2027. Ní mór na rátaí cánach a mbeidh feidhm acu a bheith i gcomhréir leis na híosleibhéil chánachais a leagtar amach sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir

meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcás iarraidh ar athnuachan tar éis dul in éag na tréimhse bailíochta.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon doiciméad míniúcháin a bheith ann maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go gceadófar don tSualainn ráta laghdaithe cánachais leictreachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha pléisiúir iad, atá i mbeart i gcalafoirt na Sualainne (‘leictreachas cois cladaigh’). Ní mór an ráta cánach a bheith i gcomhréir leis an leibhéal íosta cánachais le haghaidh leictreachas i gcomhair úsáidí gnó a leagtar amach sa Treoir. Ní bheifear in ann leictreachas a sholáthar ar ráta laghdaithe d’árthaí príobháideacha pléisiúir mar a shainmhínítear in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír de Threoir 2003/96/CE.

Sonraítear in Airteagal 2 go ngéilltear don iarraidh le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, agus leanúnach leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme reatha 2014/725/AE ón gComhairle, go dtí an 31 Nollaig 2027, laistigh den uastréimhse 6 bliana a cheadaítear leis an Treoir, mar a d’iarr an tSualainn.

2024/0008 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafort**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1], agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2020/1674/AE ón gComhairle[2], údaraíodh an tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha pléisiúir iad, atá i mbeart i gcalafoirt (‘leictreachas cois cladaigh’) i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE go dtí an 31 Nollaig 2023.

(2) I litir dar dáta an 5 Aibreán 2023, d’iarr an tSualainn údarú chun leanúint de ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas cois cladaigh de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE go dtí an 31 Nollaig 2027. Chuir údaráis na Sualainne faisnéis bhreise ar fáil le litir dar dáta an 19 Deireadh Fómhair 2023.

(3) Trí ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas cois cladaigh, beidh sé d’aidhm ag an tSualainn leanúint d’úsáid leictreachais cois cladaigh a chur chun cinn. Úsáid leictreachais den sórt sin, meastar gur bealach atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol é chun freastal do riachtanais leictreachais soithí atá i mbeart i gcalafoirt ná breoslaí umair a dhó.

(4) A mhéid a chuidíonn úsáid leictreachais cois cladaigh le hastaíochtaí truailleán aeir a eascraíonn as breoslaí umair a dhó a sheachaint, rannchuidíonn sí le cáilíocht aeir áitiúil i gcathracha calafoirt a fheabhsú agus torann a laghdú. Tá coinne leis go rannchuideoidh an beart dá bhrí sin le cuspóirí comhshaoil, sláinte agus bheartas aeráide an Aontais.

(5) Trí chead a thabhairt don tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas cois cladaigh, ní théann an cead sin thar a bhfuil riachtanach chun úsáid leictreachais den sórt sin a mhéadú, ós rud é go bhfanfaidh giniúint an leictreachais ar bord an rogha mhalartach níos iomaíche i bhformhór na gcásanna. Ar an gcúis chéanna, agus mar gheall gur beag go leor é dul i bhfód na teicneolaíochta ar an margadh, ní dócha go mbeidh

[1] IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1674 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2020 lena n-údaraítear an tSualainn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafort, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 378, 12.11.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1674/oj).

aon saobhadh suntasach ar an iomaíocht mar thoradh ar an mbeart sin le linn a shaolré agus mar sin ní bheidh tionchar diúltach aige ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta ó thaobh ama de. Chun a áirithiú go mbeidh an tréimhse údarúcháin sách fada ionas nach gcuirfear oibreoirí ábhartha eacnamaíocha ó na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, is iomchuí an t-údarú a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2027. Mar sin féin, ba cheart gan feidhm a bheith ag an údarú sin e ó dháta chur i bhfeidhm aon fhoráil ghinearálta maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachais cois cladaigh a ghlac an Chomhairle faoi Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás go mbeadh forálacha den sórt sin infheidhme le linn tréimhse an údaraithe.

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d'oibritheoirí calafoirt agus d'oibreoirí long agus chun méadú féideartha ar an ualach riaracháin le haghaidh dáileoirí agus athdháileoirí leictreachais a sheachaint, ba cheart a áirithiú go bhféadfaidh an tSualainn leanúint de ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm ar leictreachas cois cladaigh. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú arna iarraidh a dheonú le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, chun leanúint gan uaim de na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1674.

(8) Tá an cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an tSualainn údaraithe ráta laghdaithe cánach a chur i bhfeidhm ar leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha pléisiúir iad, atá i mbeart i gcalafoirt ('leictreachas cois cladaigh'), ar choinníoll go n-urramaítear na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Mar sin féin, dá ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, foráil maidir le rialacha ginearálta maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh a bheidh infheidhme le linn thréimhse an údaraithe a leagtar amach sa chéad mhír den Airteagal seo, scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh na rialacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*